



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Iúil 2024
(OR. en)

11853/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0157(NLE)**

**ECOFIN 819
UEM 228
FIN 649
CADREFIN 123**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	2 Iúil 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 283 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10152/2021; ST10152/2021 ADD1) an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige a fhormheas

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 283 final.

Faoi iamh: COM(2024) 283 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.7.2024
COM(2024) 283 final

2024/0157 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10152/2021; ST10152/2021
ADD1) an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta
na Gréige a fhormheas**

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10152/2021; ST10152/2021 ADD1) an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige a fhorghnó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I ndiaidh don Ghréig an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 27 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhorghnó an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle². Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 8 Nollaig 2023³. An 5 Meitheamh 2024, rinne an Ghréig iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta modhnuithe curtha isteach ag an nGréig.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

- (2) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ghréig isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 32 beart.
- (3) Mhínigh an Ghréig go leasaítear dhá bheart, mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a bhíodas ag súil leis, rud a chuir moill ar chur chun feidhme na mbeart sin. Baineann sé sin le garspíoc 33 de bheart 16874 (Fuinneamh agus fiontraíocht); agus garspíoc 49 de bheart 16924 (Leictrea-shoghluaisteacht) faoi chomhpháirt 2.3 (Athluchtú agus Athbhreoslú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig síneadh a chur le hamlíne chur chun

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

² ST 10152 2021; ST 10152 2021 ADD 1.

³ ST 15831 2023; ST 15831 2023 ADD 1.

feidhme na ngarspriocanna thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (4) Mhínigh an Ghréig go bhfuil roghanna malartacha níos fearr ann i gcás trí bheart maidir lena gcur chun feidhme chun uailmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé seo le garspriocanna 79 agus 82 de bheart 16911 (Aermhodhanna le haghaidh bainistithe géarchéime) faoi chomhpháirt 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); spriocanna 94 agus 95 agus tuairisc ar bheart 16778 (Digitíú cartlann agus seirbhísí gaolmhara) faoi chomhpháirt 2.2 (Nuachóiriú); agus sprioc 135 agus tuairisc ar bheart 16942 (Aistriú Digiteach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (DYPA)) faoi chomhpháirt 3.1 (Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig raon feidhme gharspriocanna 79 agus 82 a athrú chun na aermhodhanna le haghaidh bainistithe géarchéime is oiriúnaí do riachtanais na Gréige a cheannach. Thairis sin, d'iarr an Ghréig síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme spriocanna 94 agus foclaíocht na tuairisce ar an mbeart agus spriocanna 94 agus 95 a leasú, agus an tuairisc ar bheart 16942 agus ar sprioc 135 a leasú, atá ina gharsprioc anois freisin, ar bhealach a laghdaíonn an t-ualach riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme na mbeart sin agus gan a n-uailmhian a ísliú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (5) Mhínigh an Ghréig go bhfuil, i gcás 24 bheart, rogha níos fearr ann chun an t-ualach riaracháin gan údar a laghdú chun, agus cuspóirí na mbeart faoi seach á mbaint amach. Baineann sé sin leis an méid seo a leanas: tuairisc ar bheart 16870 (Idirghabhálacha le haghaidh idirnascadh leictreachais na n-oileán agus uasghrádú an líonra leictreachais), tuairisc ar bheart 16926 (Tacaíocht do chórais stórála a shuiteáil chun méadú ar dhul i bhfód foinsí inathnuaite fuinnimh a fheabhsú), tuairisc ar bheart 16900 (uasghrádú líonra lastuas HEDNO i limistéir foraoise), agus tuairisc ar bheart 16901 (uasghráduithe líonra HEDNO arb é is aidhm dó athléimneacht a fheabhsú agus an comhshaoil a chosaint) faoi chomhpháirt 1.1 (Cumhachtú); tuairisc ar bheart 16932 (Ionad Lúthchleasaíochta Oilimpeach na hAithne), tuairisc ar bheart 16879 (Pleananna Uirbeacha a ullmhú i gcur chun feidhme athchóiriú an bheartais uirbigh), garsprioc 36 de bheart 16874 (Fuinneamh agus fiontraíocht), garspriocanna 34 agus 35 agus tuairisc ar bheart 16876 (Uasghrádú fuinnimh ar fhoirgnimh san earnáil phoiblí), agus tuairisc ar bheart 16873 (Idirghabhálacha i limistéir chónaithe agus sa stoc foirgníochta) faoi chomhpháirt 1.2 (Athchóiriú); tuairisc ar bheart 16772 (An dlí maidir le bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe a chur chun feidhme), tuairisc ar bheart 16846 (Bonneagair Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda ó Chóireáil Fuíolluisce), agus garsprioc 66 agus tuairisc ar bheart 16850 (Bonneagair Soláthair agus Coigiltis Uisce Óil) faoi chomhpháirt 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); garsprioc 87 de bheart 16855 (Satailítí beaga) faoi chomhchuid 2.1 (Nascadh); garsprioc 147 de bheart 16289 (Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna & Nuálaíocht) faoi chomhpháirt 3.2 (Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna); garsprioc 154 de bheart 16816 (Athchóirithe agus luasghéarú infheistíochtaí san Earnáil Cúraim Sláinte - Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú ar chaiteachas an chúraim sláinte) faoi chomhpháirt 3.3 (Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht cúraim sláinte a fheabhsú); tuairisc ar bheart 16611 (Aistriú digiteach na hiniúcháireachta cánach) faoi chomhpháirt 4.1 (Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach); tuairisc ar bheart 16711 (Gairmiúlú i réimse an tSoláthair Phoiblí) faoi chomhpháirt

4.2 (An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí chur chun feidhme infheistíochtaí poiblí a luathú, feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus éilliú a chomhrac); garsprioc 229 agus tuairisc ar bheart 16727 (Claochlú Digiteach an Cheartais (R-Cheartas)), agus tuairisc ar bheart 16575 (Dlús a chur le riar an cheartais) faoi chomhpháirt 4.3 (Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais ceartais); tuairisc ar bheart 16486 (Músaem seaniarsmaí faoi uisce), garsprioc 303 de bheart 16593 (Leasú ar an gcreat dlíthiúil chun infheistíocht straitéiseach a mhealladh), agus tuairisc ar bheart 16630 (Mórbhealach Thuaisceart Cretan (B.M.A.K.)), agus tuairisc ar bheart 16833 (Oibreacha coigeartaithe comhlíontachta EASA a chur chun feidhme) faoi chomhpháirt 4.6 (Athléimneacht príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú); agus tuairisc ar bheart 16994 (Éifeachtúlacht Fuinnimh agus méadú ar dhul i bhfód foinsí inathnuaite fuinnimh a chur chun cinn le haghaidh uath-ídiú) faoi chomhchuid 5.2 (5.2 infheistíochtaí REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go mbainfí faisnéis chúlra nó eilimintí nós imeachta nach bhfuil gá leo agus nach rannchuidíonn le cuspóirí na mbeart, go soiléireofaí go mbaineann gnéithe áirithe le cuspóirí nó le comhthéacs na mbeart, agus go simpleofaí tuairisc ar bhearta nó ar gharspriocanna agus ar spriocanna a chruthaíonn ualach riaracháin gan údar chun cuspóirí na mbeart faoi seach a bhaint amach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (6) Mhínigh an Ghréig nach féidir garsprioc 38 de bheart 16873 (Idirghabhálacha i limistéir chónaithe agus sa stoc foirgneamh) faoi chomhchuid 1.2 (Athchóiriú) a bhaint amach a thuilleadh go páirteach, mar gheall ar dhlíthíocht chúirte i gcoinne thoradh an phróisis soláthair phoiblí, rud a chuir moill ar chur chun feidhme an bheart. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na garsprice thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (7) Mhínigh an Ghréig go leasaítear garspriocanna 97 agus 99 de bheart 16929 (I dtreo seirbhísí an Riaracháin Phoiblí atá dírithe ar 'chustaiméir' trí phróisis, feabhsuithe ar chórais agus comhlíonadh straitéisí agus beartas Eorpach a shimpliú agus a fheabhsú) faoi chomhchuid 2.2 (Nuachóiriú), mar gheall ar ath-leithdháileadh na freagrachta as an mbeart sin a chur chun feidhme laistigh de riarachán na Gréige. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go n-athrófaí ainm na hAireachta freagraí dá dtagraítear sa táscaire cáilíochtúil le haghaidh na ngarspriocanna thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (8) Mhínigh an Ghréig go leasaítear garsprioc 234 de bheart 16575 (Dlús a chur le riar an cheartais) faoi chomhpháirt 4.3 (Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais cheartais), mar gheall ar phróisis earcaíochta níos casta ná mar a bhí beartaithe ar dtús a tháinig chun cinn mar gheall ar an bhféilire d'fhoilsiú an chomórtais phoiblí ábhartha a rinne an Ardchomhairle um Roghnú Pearsanra Sibhialta (ASEP), rud a fhágfaidh go gcuirfear bailchríoch ar liosta na n-iarrthóirí ar éirigh leo faoi dheireadh 2024 ar a dhéanaí. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na garsprice thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (9) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an nGréig, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

Garspriocanna agus spriocanna a dháileadh

- (10) Ba cheart dáileadh na ngarspriocanna agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean a chur san áireamh.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

- (11) Sainithníodh cúig earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do dhá ceann de na clocha míle agus de chúig bheart faoi cheithre chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 13 Iúil 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ghréig. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an méid seo a leanas: garspíoc 50 de bheart 16831 (Táirg Glas) faoi chomhpháirt 1.3 (Athshlánú agus Athbhreoslú); tuairisc ar bheart 16979 (Údarás rialála nua uisce agus fuíolluisce a bhunú) faoi chomhpháirt 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); tuairisc ar bheart 16820 (Athchóiriú i réimsí na meabhairshláinte agus na handúile) faoi chomhpháirt 3.3 (Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú); agus tuairisc ar bheart 16610 (Dlús a chur le haisíocaíochtaí CBL a chur chun cinn) agus garspíoc 338 de bheart 16985 (Modhnuithe ar chreat beartais cánach na Gréige) faoi chomhchuid 4.1 (Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus riarachán cánach agus bailiú cánach a fheabhsú). Ní dhéantar difear leis na ceartúcháin sin do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Measúnú an Choimisiúin

- (12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnuithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (13) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Ghréig chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle (ST 10152/2021; ST10152/2021 ADD1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleánúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

Measúnú dearfach

- (14) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnuithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart go leagfar amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnuithe, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Ranníocaíocht airgeadais

- (15) Is é EUR 36 612 904 139 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnuithe na Gréige. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnuithe níos airde ná an

ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ghréig, agus ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 20(4) agus 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnuithe na Gréige a bheith comhionann le EUR 18 220 378 076.

Iasachtaí

- (16) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Ghréig dar luach EUR 17 727 538 920.
- (17) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle (ST 10152/2021; ST10152/2021 ADD1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Ghréig, ba cheart, dá bhrí sin, é a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

“Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Gréige a rinneadh ar bhonn na gcritéir dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta agus le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.’;

- (2) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Seolai

Is chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*